23-10-2020 - 20:42
20201015STO89419

Parlaimint na hEorpa

# Súil siar ar an dara seisiún iomlánach de mhí Dheireadh Fómhair




**Físeán**
https://multimedia.europarl.europa.eu/en/plenary-highlights-sakharov-prize-farm-policy-and-artificial-intelligence_N01-AFPS-201022-5NUM_ev

**Ag an seisiún iomlánach an 19-23 Deireadh Fómhair, leag feisirí amach a dtosaíochtaí maidir le reachtaíocht a bhaineann le seirbhísí digiteacha, intleacht shaorga agus beartas talmhaíochta.**

D'fhógair an tUachtarán David Sassoli an 22 Deireadh Fómhair go mbronnfar Duais Sakharov um Shaoirse Smaointeoireachta 2020 ar an fhreasúra daonlathach sa Bhealarúis. Agus buaiteoir na bliana seo á fhógairt aige le linn an tseisiúin iomlánaigh, dúirt an tUachtarán: "Leanaigí oraibh den fhód a sheasamh. Seasann muid gualainn ar ghualainn libh."

I mí Lúnasa na bliana seo, chuir an freasúra daonlathach sa Bhealarúis tús le próiseas gan fasach chun an tsochaí a shlógadh chun oll-agóide síochánta ar mhaithe leis an daonlathas i dtír a smaoinítear uirthi le fada an lá mar an deachtóireacht dheireanach san Eoraip. I vóta an 21 Deireadh Fómhair, thug feisirí le fios gur cheart don Aontas measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar an chaidreamh leis an Bhealarúis.

Ghlac feisirí an 23 Deireadh Fómhair an seasamh a bheidh acu i leith an athchóirithe ar an chomhbheartas talmhaíochta i ndiaidh 2022. Chuir feisirí i bhfáth go dteastaíonn solúbthacht, inbhuanaitheacht agus teacht aniar feabhsaithe don bheartas feirme a bheidh ag an Aontas sa todhchaí chun go bhféadfar leanúint de sholáthar cinnte bia san Aontas.



Don chéad uair bhí feisirí in ann páirt a ghlacadh sna díospóireachtaí iomlánacha ó na hoifigí idirchaidrimh ar fud na mballstát

I vóta an 20 Deireadh Fómhair, d'éiligh feisirí rialacha buanseasmhacha ar sheirbhísí digiteacha chomh maith le sásra ceangailteach chun dul i ngleic le hinneachar neamhdhleathach ar líne. An lá céanna, ghlac feisirí moltaí faoin chaoi is fearr a bhféadfaidh AE an intleacht shaorga a rialáil chun tairbhe don nuálaíocht, do chaighdeáin eitice agus d'iontaoibh sa teicneolaíocht.

I ndíospóireacht an 21 Deireadh Fómhair, leag feisirí béim ar a thábhachtaí atá sé teacht ar chomhaontú leis an Ríocht Aontaithe nach dtiocfaidh salach ar leasanna ná ar luachanna AE. Dúirt Príomh-Idirbheartaí an Aontais Michel Barnier go leanfaidh an tAontas sa tóir ar mhargadh a théann chun tairbhe don dá thaobh: "Fanfaimid socair, dearfach agus measúil, ach beimid

diongbháilte agus tiomanta maidir le prionsabail agus leasanna na mballstát ar fad agus an Aontais féin a chosaint."

Tá rialacha úrá á n-éileamh ag feisirí Eorpacha chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb an dhífhoraoisithe. I rún an tseachtain seo, chuir siad in iúl go bhfuil gá le bearta níos fearr chun lománaíocht mhídhleathach a chomhrac agus gá le níos mó seiceálacha ionas nach dtiocfaidh adhmad nár táirgeadh ar bhealach inbhuanaithe nó táirgí a chuireann le dífhoraoisiú isteach sa mhargadh Eorpach.

Tá an ghéarchéim Covid-19 i ndiaidh aird a tharraingt ar an neamhionannas maidir le rochtain ar oideachas san Eoraip, agus an 22 Deireadh Fómhair, d'éiligh feisirí go ndúnfaí an bhearna dhigiteach san Aontas. Tá siad ag iarraidh go n-infheisteoidh an Coimisiún i nascacht agus i dtrealamh, agus cháin siad na ciorruithe atá molta ag an Chomhairle ar chláracha a thacaíonn le hoideachas agus le hoiliúint. D'athdhearbhaigh feisirí gur cheart buiséad Erasmus+ a mhéadú faoi thrí.

Ag tús an tseisiúin iomlánaigh, bhí nóiméad ciúnais ann i gcuimhne Samuel Paty, múinteoir staire agus tíreolaíochta a dúnmharaíodh in ionsaí Ioslamaíoch sa Fhrainc.

Mar gheall ar na cúinsí eipidéimeolaíocha sa Bhruiséil agus in Strasbourg, don chéad uair bhí feisirí in ann páirt a ghlacadh sna díospóireachtaí iomlánacha ó na hoifigí idirchaidrimh ar fud na mballstát.

## Tuilleadh faisnéise

Preaseisiúintí
Grianghraif
Físeáin
Cuntas Twitter na Parlaiminte



**Ardstiúrthóireacht na Cumarsáide**
Parlaimint na hEorpa - Urlabhraí: Jaume Duch Guillot
Teagmháil: webmaster@europarl.eu